**MONAGHAN COUNTY COUNCIL**

**COMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN**

**CEANTAR BARDASACH MHUINEACHÁIN**

**FODHLÍTHE UM RIALÚ PÁIRCEÁLA (PÁIRCEÁIL ÍOCTHA) & CARRCHLÓIS BHAILE MHUINEACHÁIN 2025**

**FODHLÍTHE UM RIALÚ PÁIRCEÁLA (PÁIRCEÁIL ÍOCTHA) & CARRCHLÓIS BHAILE MHUINEACHÁIN 2025**

**RIAR NA bhFODHLÍTHE**

**CUID I: An Réamhchéim**


| | |
|---|---|
| 1. | Teideal Fada |
| 2. | Gearrtheideal |
| 3. | Tús na bhFodhlíthe |
| 4. | Cúlghairm |
| 5. | Limistéir feidhme |
| 6. | Léirmhíniú |


**CUID II: Páirceáil Íoctha**


| | |
|---|---|
| 7. | Sainmhínithe Chuid II |
| 8. | Oibleagáid chun ticéad 'Íoc agus Taispeáin' bailí a thaispeáint |
| 9. | Bealach agus am íocaíochta na táille páirceála |
| 10. | Tréimhse na páirceála in áit pháirceála íoctha |
| 11. | Cur isteach ar thicéad Íoc agus Taispeáin |
| 12. | Feithicil a bhaint as áit pháirceála íoctha |
| 13. | Cosc ar pháirceáil áirithe taobh istigh de 2 uair an chloig ó áit pháirceála íoctha a fhágáil |
| 14. | Coinníollacha maidir le páirceáil in áiteanna páirceála íoctha |
| 15. | Gluaisrothair agus rothair cos |
| 16. | Ticéad páirceála 'Íoc agus Taispeáin' bailí a eisiúint |
| 17. | Táille ticéad páirceála 'Íoc agus Taispeáin' |
| 18. | Meaisíní 'Íoc agus Taispeáin' nó áiteanna páirceála ticéad a chur ar fionraí |
| 19. | Cur isteach |

| | |
|---|---|
| 20. | Carrchlóis |

**CUID III: Páirceáil do Chónaitheoirí**

| | |
|---|---|
| 21. | Sainmhínithe Chuid III |
| 22. | Neamhfheidhm Fhodhlíthe 6 go 12 de na Fodhlíthe seo |
| 23. | Sonraí ar chead páirceála cónaitheora |
| 24. | Cead chun feithicil a bhfuil cead páirceála cónaitheora ar taispeáint aici a pháirceáil |
| 25. | Cead páirceála cónaitheora a thaispeáint |
| 26. | Cur isteach ar chead páirceála cónaitheora |
| 27. | Cead páirceála cónaitheora a eisiúint |
| 28. | Athsholáthar ar chead páirceála cónaitheora a eisiúint |
| 29. | Cead páirceála cónaitheora a thabhairt ar ais |
| 30. | Cead páirceála cónaitheora a aistriú |
| 31. | Cead páirceála cónaitheora neamhbhailí a thaispeáint |

**CUID IV: Ilchineálach**

| | |
|---|---|
| 32. | Neamhfheidhm Fhodhlíthe 8 go 14 de na Fodhlíthe seo |
| 33. | Bánna Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha |
| 34. | Aip Pháirceála Íoctha |

**CUID V: Sceidil**

| | |
|---|---|
| | Sceideal 1: Páirceáil Íoctha - Táillí Iníoctha |
| | Sceideal 2: Liosta Carrchlós |
| | Sceideal 3: Táillí ar bhánna páirceála méadraithe agus marcanna bóthair a bhaint go sealadach agus a chur ar fionraí |
| | Sceideal 4: Líníocht Uimh. 001 |

**COMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN**

**FODHLÍTHE UM RIALÚ PÁIRCEÁLA (PÁIRCEÁIL ÍOCTHA) & CARRCHLÓIS BHAILE MHUINEACHÁIN 2025**

**CUID I**

**An Réamhchéim**

1. **Teideal Fada**

Comhairle Contae Mhuineacháin (dá ngairtear "**an Chomhairle**" anseo feasta), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear di de bhun, *inter alia*, an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú) (*inter alia*, *a.131A agus Sceideal 14A*) agus an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 1994 (arna leasú) (*inter alia*, *a.36*), agus i gcomhréir leis na hAchtanna céanna, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána *(de réir a.36(3)(a) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994)*, déanann sí na Fodhlíthe seo a leanas leis seo chun páirceáil feithiclí in áiteanna páirceála ar bhóithre poiblí agus i gcarrchlóis i mBaile Mhuineacháin, laistigh de limistéar feidhme na Comhairle, a rialú agus a rialáil.

2. **Gearrtheideal**

Féadfar na Fodhlíthe seo a lua mar **Fhodhlíthe um Rialú Páirceála (Páirceáil Íoctha) & Carrchlóis Bhaile Mhuineacháin 2025.**

3. **Tús na bhFodhlíthe**

Rachaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm an 11 Nollaig 2025.

4. **Cúlghairm**

Cúlghairtear leis seo na Fodhlíthe go léir a bhí ann roimhe seo maidir le rialú páirceála agus páirceáil íoctha i mBaile Mhuineacháin.

5. **Limistéir feidhme**

Tá feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir leis na limistéir atá leagtha amach / sainaitheanta sa Líníocht dar teideal ------- Uimh. 001 atá i Sceideal 3 leis na Fodhlíthe seo – Limistéar Rialaithe Páirceála (lena n-áirítear Marcanna Bóthair) agus na carrchlóis a luaitear i Sceidil 1, a bhaineann leis na Fodhlíthe seo – i gCeantar Bardasach Mhuineacháin.

## 6. Léirmhíniú

Sna Fodhlíthe seo:

| | |
|---|---|
| Is éard is brí le "Achtanna um Thrácht ar Bhóithre" | Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961-2024 (arna leasú) |
| Is éard is brí le "Gníomhaire na Comhairle/Maor Tráchta" | Aon duine atá fostaithe ag an gComhairle nó ag aon duine eile atá údaraithe ag an gComhairle chun feidhmeanna a chomhlíonadh faoi na Fodhlíthe seo. |
| Tá an bhrí le "Duine Údaraithe": | A shanntar dó in a.103(8) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (arna leasú), lena n-áirítear Comhalta den Gharda Síochána |
| Is éard is brí le "uaireanta oibre" | An tréimhse idir 9.00a.m. agus 6.00p.m. (09.00 go 18.00) ó Luan go Satharn, an dá lá sin san áireamh, ar lá nach lá saoire poiblí é. |
| Áirítear le "carrchlós" | Gach ceann de na carrchlóis mar atá leagtha amach i Sceideal 1 thíos. |
| Is éard is brí le "bá do dhaoine faoi mhíchumas" | Bá a chuirtear ar fáil do shealbhóir ceada páirceála do dhaoine faoi mhíchumas agus atá léirithe le marcanna bóthair RPM014 mar atá sonraithe sna Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Comharthaí), 1997-2024. |
| Is éard is brí le "duine faoi mhíchumas" | Duine ag a bhfuil cead bailí do thiománaí faoi mhíchumas – ar choinníoll go bhfuil an cead ar taispeáint go feiceálach agus inléite ar an bhfeithicil. |
| Is éard is brí le "cead páirceála do dhaoine faoi mhíchumas" | Cead arna dheonú de réir Airteagal 43 de Rialacháin 1997-2024 ag Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Cumann Tiománaithe faoi Mhíchumas. Aithnítear cead a eisíonn údaráis lasmuigh den stát freisin ach ní cárta ama é. |
| Is éard is brí le "modh leictreonach ní | Táille pháirceála a íoc go leictreonach (lena n-áirítear íocaíocht trí aip) |

| | |
|---|---|
| íocaíocht leictreonach” | |
| Is éard is brí le “feithicil earraí” | Feithicil nach n-úsáidtear ach chun earraí nó ualach a iompar i gcúrsa trádála nó gnó agus atá ceadúnaithe agus a ngearrtar cáin uirthi mar fheithicil earraí. |
| Is éard is brí le “Saoire” | Aoine an Chéasta nó aon lá ar saoire phoiblí é chun críocha an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997. |
| Is éard is brí le “Pláta faisnéise” | Pláta a ghabhann le comhartha tráchta a léiríonn an tréimhse lena mbaineann na srianta nó an toirmeasc a léirítear leis an gcomhartha tráchta sin. |
| Is éard is brí le “Ceadúnas” | Ceadúnas mótarfheithicle bailí (Diosca Cánach). |
| Is éard is brí le “Limistéar Fadfhanachta” | Limistéar inar féidir le feithicil a bheith páirceáilte don lá iomlán ag an ráta cuí mar a leagtar amach i Sceideal 1. |
| Is éard is brí le “Aip Páirceála Íoctha” | An t-iarratas ar líne a cheadaíonn ticéad páirceála a cheannach sa zón páirceála íoctha iarrtha nuair a íoctar an táille pháirceála chuí atá forordaithe leis na Fodhlíthe seo. |
| Is éard is brí le “limistéar páirceála íoctha” | Limistéar ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós ina léirítear comharthaí tráchta nó comharthaí Uimh. RPM 016 agus Uimh. RUS 018 atá údaraithe ag Rialacháin Tráchta Bóthair (Comharthaí), 1997-2024, mar aon le pláta(í) faisnéise tionlacain, go gceadaítear páirceáil feithiclí faoi réir ticéad páirceála réamhíoctha a thaispeáint. |
| Is éard is brí “bá páirceála” | Spás atá beartaithe chun feithicil amháin a pháirceáil agus a léirítear amhlaidh le comharthaí nó marcanna dromchla nó comharthaí nó marcanna eile nó i gcás ina bhfuil an spás beartaithe ann chun gluaisrothair, nó níos mó ná feithicil amháin a pháirceáil. |
| Is éard is brí le “táille pháirceála” | Táille iníoctha de réir na bhForálacha seo maidir le feithicil a pháirceáil. |
| Is éard is brí le “áit pháirceála” | Áit ar bhóthar poiblí ar áit pháirceála íoctha, áit pháirceála le méadar nó áit pháirceála ticéad í. |

| | |
|---|---|
| Is éard is brí le "áit pháirceála íoctha" | Áit ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós ina bhfuil cead páirceála réamhíoctha le taispeáint chun feithiclí a pháirceáil. |
| Is éard is brí le "zón páirceála íoctha" | An tsráid/na sráideanna nó an carrchlós/na carrchlóis atá léirithe ar chead páirceála cónaitheora. |
| Is éard is brí le "Meaisín ticéad páirceála Íoc agus Taispeáin" | Meaisín atá in ann ticéad páirceála Íoc agus Taispeáin a sheachadadh go huathoibríoch nuair a íoctar an táille pháirceála chuí atá forordaithe leis na Fodhlíthe seo. |
| Is éard is brí le "bóthar poiblí" | Bóthar a bhfuil ceart slí poiblí ina leith agus a bhfuil údarás bóithre freagrach as a chothabháil. |
| Is éard is brí le "Rialacháin 1997" | Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Páirceáil), 1997 (arna leasú). |
| Is éard is brí le "Rialacháin na gComharthaí" | Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Comharthaí), 1997-2024 (arna leasú). |
| Tá le "Maor Tráchta" | An bhrí a shanntar dó le halt 2 den Acht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thráchta), 1975 (Uimh. 14 de 1975) arna leasú. |
| Is éard is brí le "boinn bhailí" | Na boinn atá léirithe ar an meaisín ticéad páirceála 'Íoc agus Taispeáin' cuí. |
| Is éard is brí le "Ticéid 'Íoc agus Taispeáin' Bhailí" | Ticéad arna eisiúint ag an gComhairle:-<br><br>(a) a léiríonn an bhliain, an mhí, an dáta, an uair nó an nóiméad;<br><br>(a) nach léiríonn bliain, mí, dáta, uair nó nóiméad ar bith eile;<br><br>(c) a thaispeánfar in áit fheiceálach agus inrochtana taobh thiar de ghaothscáth na feithicle. |
| Áirítear le "Feithicil" | Feithicil inneallghluaiste, bíodh sí á cumhachtú go meicniúil nó go leictreach nó go meicniúil go páirteach nó go leictreach go páirteach agus áirítear gluaisrothar léi. |

**CUID II**
**Páirceáil Íoctha**

7. **Sainmhínithe Chuid II**

Sa chuid seo:

| | |
|---|---|
| Is éard is brí le "ticéad páirceála" | Doiciméad a bhfuil marcanna nó siombailí air a léiríonn an bhliain, an dáta agus an t-am a thagann an doiciméad nó an teaglaim doiciméad chun bheith ina thicéad/ina dticéad páirceála bailí. |
| Is éard is brí le "Ticéad páirceála bailí" | Ticéad páirceála: -<br><br>(a) arna eisiúint ag an gComhairle seo, agus a léiríonn an bhliain, an mhí, an lá sa mhí, uair an lae agus nóiméad na huaire inar cuireadh tús le tréimhse na páirceála i gcás feithicil ina bhfuil an ticéad páirceála ar taispeáint de réir na bhFodhlíthe seo.<br><br>(b) a léiríonn go bhfuil an fheithicil páirceáilte amhlaidh ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse ar féidir í a pháirceáil in áit pháirceála íoctha de réir na bhFodhlíthe seo<br><br>**Nó**<br><br>(c) a léiríonn go ndearnadh an íocaíocht, tríd an Aip Pháirceála, agus ina léirítear an bhliain, an mhí, an lá sa mhí, uair an lae agus nóiméad na huaire inar cuireadh tús le tréimhse pháirceála na feithicle de réir na bhFodhlíthe seo. |

8. **Oibleagáid chun ticéad 'Íoc agus Taispeáin' bailí a thaispeáint**

**8.1** I gcás ina mbíonn feithicil páirceáilte in áit pháirceála íoctha ar lá agus le linn tréimhse atá léirithe ar phláta faisnéise údaraithe a ghabhann le Comhartha Tráchta Uimhir RRM016 de na Rialacháin um Chomharthaí, 1997-2024: -

(a) taispeánfar ticéad páirceála bailí;

(b) beidh an ticéad páirceála bailí ar taispeáint sa taobh istigh den fheithicil ar bhealach a chuirfidh ar chumas duine lasmuigh den fheithicil a fháil amach cathain a thosaigh tréimhse na páirceála; agus

(c) taispeánfar an ticéad páirceála bailí de réir Fhodhlí 8.1(b) de na Fodhlíthe seo fad a bheidh an fheithicil páirceáilte san áit pháirceála íoctha sin

**Nó**

(c) féadfaidh duine feithicil a pháirceáil i mbá páirceála nuair a dhéantar an íocaíocht, tríd an Aip Pháirceála, lena léirítear an bhliain, an mhí, an lá sa mhí, uair an lae agus nóiméad na huaire inar cuireadh tús le tréimhse pháirceála na feithicle de réir na bhFodhlíthe seo.

**8.2** Ní bheidh feidhm ag Fodhlí 8.1 de na Fodhlíthe seo maidir le feithicil a pháirceáil in áit pháirceála íoctha má tá cead páirceála cónaitheora bailí ar taispeáint.

**8.3** I gcás feithicil atá páirceáilte in áit pháirceála íoctha ar lá agus le linn tréimhse atá léirithe ar phláta faisnéise údaraithe a ghabhann le comhartha tráchta uimhir RRM 016 de na Rialacháin um Chomharthaí, 1997-2024, más feithicil earraí í agus earraí á luchtú go gníomhach inti nó uirthi nó á ndíluchtú uaithi, ní bheidh feidhm ag Fodhlíthe 8.1 agus 8.2 de na Fodhlíthe seo go dtí 30 nóiméad tar éis thús na páirceála.

## 9. Bealach agus am íocaíochta na táille páirceála

9.1. Ceannófar ticéad páirceála Íoc agus Taispeáin ó mheaisín ticéad páirceála Íoc agus Taispeáin cuí nó féadfar íocaíocht a dhéanamh go leictreonach, tríd an Aip Pháirceála.

9.2. Beidh an táille don ticéad páirceála Íoc agus Taispeáin iníoctha trí aon teaglaim de bhoinn bhailí nó mar aistriú digiteach tríd an Aip Pháirceála ar líne.

9.3. Déanfar íocaíocht tríd an táille chuí a chur isteach sa mheaisín ticéad páirceála Íoc agus Taispeáin cuí agus na treoracha ar an meaisín ticéad páirceála a leanúint chun ticéad páirceála Íoc agus Taispeáin bailí a fháil.

9.4. Taispeánfar an ticéad páirceála bailí láithreach bonn tar éis páirceála ar choinníoll, i gcás ina bpáirceáiltear feithicil ag am nach le linn uaireanta gnó, go ndéanfar an ticéad páirceála bailí a thaispeáint de réir alt 8 de na Fodhlíthe seo ag tús uaireanta gnó.

9.5. Ní bheidh sé de dhualgas ar dhuine a íocann táille pháirceála trí mhodhanna leictreonacha (lena n-áirítear an Aip Pháirceála) ticéad páirceála bailí a thaispeáint.

**10. Tréimhse na páirceála in áit pháirceála íoctha**

10.1. Ní cheadaítear feithicil atá páirceáilte in áit pháirceála íoctha ar lá agus le linn tréimhse a léirítear ar phláta faisnéise údaraithe a ghabhann le comhartha tráchta uimhir RRM016 de na Rialacháin um Chomharthaí, 1997–2024 a pháirceáil amhlaidh ar feadh tréimhse is faide ná an tréimhse a léirítear mar an uastréimhse pháirceála don áit pháirceála íoctha sin trí phláta faisnéise údaraithe a ghabhann le comhartha tráchta uimhir RRM016 de na Rialacháin um Chomharthaí, 1997-2024.

10.2. I gcás ina ndéantar feithicil a bhí páirceáilte go dleathach in áit pháirceála íoctha a pháirceáil ina dhiaidh sin in áit pháirceála íoctha eile, laghdófar an tréimhse a bhfuil srian leis an bpáirceáil ina dhiaidh sin faoi Fhodhlí 10.1 de na Fodhlíthe seo de thréimhse atá mar an gcéanna leis an tréimhse ón am a léirítear ar an ticéad páirceála íoctha go dtí an t-am a thosaigh an pháirceáil ina dhiaidh sin.

**11. Cur isteach ar thicéad Íoc agus Taispeáin**

11.1. I gcás ina mbíonn feithicil páirceáilte in áit pháirceála íoctha ar lá agus le linn tréimhse atá léirithe ar phláta faisnéise údaraithe a ghabhann le comhartha tráchta uimhir RRM016 de na Rialacháin um Chomharthaí, 1997-2024, ní chuirfidh duine isteach ar thicéad páirceála a thaispeánfar ar an bhfeithicil.

**12. Feithicil a bhaint as áit pháirceála íoctha**

12.1. Bainfear feithicil atá páirceáilte in áit pháirceála íoctha ag am nach bhfuil ar lá agus le linn tréimhse atá léirithe ar phláta faisnéise údaraithe a ghabhann le comhartha tráchta uimhir RRM016 de na Rialacháin um Chomharthaí, 1997-2024 as an áit pháirceála íoctha nuair a thosaíonn an tréimhse atá léirithe ar an bpláta faisnéise údaraithe, mura rud é, ag an tosach sin agus le linn an chuid eile den tréimhse pháirceála, go bhfuil ticéad páirceála íoctha bailí ar taispeáint taobh istigh den fheithicil i gcomhréir le Fodhlí 8.1(b) de na Fodhlíthe seo agus beidh feidhm ag Fodhlí 8.1(c) de na Fodhlíthe seo ón tosach sin maidir leis an bpáirceáil sin.

**13. Cosc ar pháirceáil áirithe taobh istigh de 2 uair an chloig ó áit pháirceála íoctha a fhágáil**

13.1. Feithicil a bhí páirceáilte in áit pháirceála íoctha ar feadh na huastréimhse páirceála don áit pháirceála íoctha sin, mar a léirítear le pláta faisnéise údaraithe a ghabhann le comhartha tráchta uimhir RRM016 de na Rialacháin um Chomharthaí, 1997-2024, ní cheadófar í a pháirceáil arís in áit pháirceála íoctha sa bhóthar poiblí ina bhfuil an áit pháirceála

íoctha sin suite go dtí dhá uair an chloig ar a laghad tar éis dhul in éag a tréimhse páirceála íoctha roimhe sin.

**14. Coinníollacha maidir le páirceáil in áiteanna páirceála íoctha**

14.1. Maidir le feithicil atá níos lú ná 3 thonna agus atá páirceáilte in áit pháirceála íoctha ar lá agus le linn tréimhse atá léirithe ar phláta faisnéise údaraithe a ghabhann le comhartha tráchta uimhir RRM016 de na Rialacháin um Chomharthaí, 1997-2024, déanfar í a pháirceáil laistigh den limistéar ina bhfuil aon bhá páirceála amháin, i gcás ina gcuirtear bánna páirceála ar fáil san áit pháirceála íoctha sin.

14.2. Ní cheadaítear d'aon duine feithicil a pháirceáil ná a chur faoi deara go bpáirceálfar í sa chaoi is go síneann sí nó aon chuid di ó bhá páirceála amháin go bá páirceála eile.

**15. Gluaisrothair agus rothair cos**

15.1. Beidh gluaisrothar nó rothair cos díolmhaithe ó na Fodhlíthe seo.

**16. Ticéad páirceála 'Íoc agus Taispeáin' bailí a eisiúint**

16.1. Eiseoidh an Chomhairle ticéid pháirceála íoctha trí mheaisíní dáilte nó ar líne tríd an Aip Pháirceála.

**17. Táille ticéad páirceála 'Íoc agus Taispeáin'**

17.1. Is é an táille a bheidh ar thicéad páirceála íoctha ná suim mar a leagtar amach i Sceideal 1 de na Fodhlíthe seo i gcás ina léirítear é le pláta faisnéise údaraithe a ghabhann le Comhartha Tráchta RRM 016 de na Rialacháin um Chomharthaí, 1997-2024.

17.2. Íocfar na táillí ar bhonn *pro rata* d'aon tréimhse pháirceála suas go dtí an uastréimhse a cheadaítear san áit pháirceála ticéad sin, mar a léirítear ar phláta faisnéise údaraithe a ghabhann le comhartha tráchta RRM 016 de na Rialacháin um Chomharthaí, 1997-2024.

**18. Meaisíní 'Íoc agus Taispeáin' nó áiteanna páirceála ticéad a chur ar fionraí**

18.1. Féadfaidh an Chomhairle limistéar páirceála íoctha nó cuid de limistéar páirceála íoctha a chur ar fionraí ó fheidhmiú. Beidh an fhionraí faoi réir aon choinníollacha a shonróidh an Chomhairle i scríbhinn – lena n-áirítear, más gá, íocaíocht táille/táillí ag an duine a iarrann an fhionraí.

18.2. Is mar a léirítear i Sceideal 3 an táille/na táillí uasta is iníoctha.

18.3. Léireofar fionraí limistéir páirceála íoctha nó cuid de trí chomhartha nó gléas eile a chur ann a léireoidh go soiléir nach bhfuil sé ag feidhmiú, nó tríd an meaisín ticéad páirceála Íoc agus Taispeáin a bhaint go sealadach agus comhartha a chur suas a léireoidh go bhfuil cosc ar fheithiclí a pháirceáil san áit pháirceála ticéad.

18.4. Is cion é sárú a dhéanamh ar choinníoll a shonraíonn an Chomhairle i scríbhinn nuair a bheidh limistéar páirceála íoctha nó cuid de á chur ar fionraí. I gcás feithiclí a pháirceáil de shárú ar na coinníollacha seo, measfar iad a bheith páirceáilte go mídhleathach chun críocha na nAchtanna um Thrácht ar Bhóithre agus aon Rialachán a dhéantar fúthu.

**19. Cur isteach**

19.1. Ní cheadófar d'aon duine aon bhonn, earra ná rud seachas cárta íocaíochta nó na boinn shonraithe a chur isteach i meaisín ticéad páirceála Íoc agus Taispeáin chun ticéad páirceála Íoc agus Taispeáin a cheannach ná cur isteach ar aon bhealach eile ar mheaisín ticéad páirceála Íoc agus Taispeáin i limistéar páirceála íoctha.

19.2. Ní cheadófar d'aon duine seachas gníomhaire de chuid na Comhairle, ball den Gharda Síochána, duine údaraithe, nó Maor Tráchta cur isteach cur isteach ar bhealach ar bith le cochall, comhartha nó gléas eile a chuirtear ar mheaisín ticéad páirceála Íoc agus Taispeáin i limistéar páirceála ticéad.

19.3. Ní cheadófar do dhuine cur isteach ar thicéad páirceála, é a athrú ná a mhilleadh.

**20. Carrchlóis**

20.1. Ní úsáidfidh aon duine aon charrchlós a shonraítear i Sceidil 1 agus 2 de na Fodhlíthe seo chun aon chríche seachas feithicil inneallghluaiste a pháirceáil, gan údarú na Comhairle.

20.2. I gcás ina mbeidh feithicil inneallghluaiste, seachas gluaisrothar, páirceáilte i gcarrchlós (a shainaithnítear i Sceidil 1 agus 2 thíos), le linn uaireanta gnó, taispeánfar ticéad Íoc agus Taispeáin bailí inti do gach uair an chloig, lá nó seachtain ina mbeidh sí páirceáilte amhlaidh.

20.3. Bainfear feithicil atá páirceáilte i gcarrchlós ag am nach bhfuil le linn uaireanta gnó as an gcarrchlós nuair a thosaíonn tréimhse uaireanta gnó, mura bhfuil ticéad Íoc agus Taispeáin bailí ar taispeáint nó mura n-íoctar an táille chuí.

20.4. Ní bheidh feidhm ag Fodhlíthe (20.2) agus (20.3) maidir le feithicil ina bhfuil cead bailí do dhuine faoi mhíchumas ar taispeáint, agus atá páirceáilte ar mhaithe le háisiúlacht an duine ar deonaíodh an cead dó/di, má tá an cead ar taispeáint go feiceálach ar an bhfeithicil nuair a bhíonn an fheithicil páirceáilte.

20.5. Ní cheadaítear d'aon duine feithicil a pháirceáil ná a chur faoi deara go bpáirceálfar i gcarrchlós feithicil i riocht nó i gcúinsí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach do dhaoine eile a úsáideann an charrchlós, ná bac a chur ar an mbealach isteach chuig an gcarrchlós nó ar an mbealach amach, ná bac a chur ar an sruth tráchta laistigh den charrchlós.

20.6. Ní cheadaítear d'aon duine feithicil a pháirceáil ná a chur faoi deara go bpáirceálfar í sa charrchlós sa chaoi is go síneann sí nó aon chuid di ó bhá páirceála amháin go bá páirceála eile. Maidir le feithicil atá níos lú ná 3 thonna agus atá páirceáilte in áit pháirceála íoctha ar lá agus le linn tréimhse atá léirithe ar phláta faisnéise údaraithe a ghabhann le comhartha tráchta uimhir RRM016 de na Rialacháin um Chomharthaí, 1997-2024, déanfar í a pháirceáil laistigh den limistéar ina bhfuil aon bhá páirceála amháin, i gcás ina gcuirtear bánna páirceála ar fáil san áit pháirceála íoctha sin.

20.7. Ní dhéanfaidh duine feithicil a athchóiriú ná deisiúcháin a dhéanamh uirthi agus í páirceáilte i gcarrchlós, ach amháin i gcás inar gá sin chun go bhféadfar an fheithicil a bhaint den charrchlós.

20.8. Ní úsáidfear feithicil atá páirceáilte i gcarrchlós chun earraí a dhíol san fheithicil ná mar oifig, ná ní thairgfear ná ní thaispeánfar feithicil ar bith den sórt ar díol nó ar cíos nó mar dhuais.

20.9. Ní dhéanfaidh duine aon torann neamhriachtanach le feithicil ná i ndáil léi agus í páirceáilte i gcarrchlós ná le haon trealamh, feistis nó ionstraimí atá feistithe ar an bhfeithicil nó a iompraítear uirthi ná aon chainteoir nó raidió ard atá ceangailte leis an bhfeithicil ar aon bhealach.

20.10. Ní cheadaítear d'aon duine aon bhuidéal ná aon ghloine briste, tairne, bruscar ná substaintí eile a chaitheamh, a chur ná a fhágáil i gcarrchlós ach amháin chun iad a chur i ngabhdán oiriúnach agus ní cheadaítear d'aon duine imirt le liathróid ná aon chluiche a imirt i gcarrchlós ag am ar bith gan toiliú i scríbhinn ón gComhairle.

20.11. Comhlíonfaidh gach duine a úsáideann an carrchlós treoir dhleathach a thabharfaidh oifigeach nó seirbhíseach de chuid na Comhairle atá údaraithe chun críocha na bhFodhlíthe seo ag Comhairle Contae Mhuineacháin nó ag comhalta den Gharda Síochána maidir le páirceáil

feithicle i gcarrchlós nó feithicil a bhaint as carrchlós nó maidir le haon cheann de na Fodhlíthe seo.

20.12. Ní cheadaítear d’aon duine in aon charrchlós bac a chur ar oifigeach nó ar sheirbhíseach de chuid na Comhairle, cur isteach air nó uirthi, ná crá a dhéanamh air/uirthi d’aon ghnó agus é/í i mbun a d(h)ualgais, lena n-áirítear aon obair a dhéanamh i ndáil le leagan amach nó cothabháil aon chuid de charrchlós ag foireann agus gníomhairí na Comhairle.

20.13. Tabharfaidh duine, ar éileamh, d’oifigeach nó do sheirbhíseach de chuid na Comhairle nó do chomhalta den Gharda Síochána a (h)ainm agus a s(h)eoladh, agus ní cheadófar do dhuine cur i gcoinne, ná bac a chur ar aon duine, ná cabhrú le haon duine eile ná é nó í a ghríosú chun cur i gcoinne, ná bac a chur ar aon oifigeach nó seirbhíseach de chuid na Comhairle agus é/í i mbun a d(h)ualgais nó i bhfeidhmiú dleathach a (h)údaráis i gcarrchlós.

20.14. Féadfaidh oifigeach nó seirbhíseach de chuid na Comhairle nó comhalta den Gharda Síochána a iarraidh ar aon duine carrchlós a fhágáil agus ní mór dó/di an iarraidh sin a chomhlíonadh láithreach.

20.15. Ní fhéadfaidh aon duine seachas sealbhóir Ceadúnais do Dhaoine faoi Mhíchumas páirceáil ag Bá do Dhaoine faoi Mhíchumas atá ar fáil in aon cheann de na suíomhanna a luaitear i Sceideal 1 agus Sceideal 2 de na Fodhlíthe seo.

20.16. Ní cheadófar d’aon fheithicil dul isteach, dul tríd, ná páirceáil in aon cheann de na suíomhanna a luaitear i Sceideal 1 agus Sceideal 2 de na Fodhlíthe seo mura gcomhlíonann sí na ceanglais maidir le ceadúnais a thaispeáint a cheanglaítear leis na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre.

20.17. Ní cheadófar d’Fheithiclí Seirbhíse Poiblí atá ag lorg custaiméirí agus atá údaraithe faoi na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Feithiclí Seirbhíse Poiblí), 1963-2000 páirceáil ag aon cheann de na suíomhanna a luaitear i Sceideal 1 agus Sceideal 2 mura bhfuil siad ag bailiú nó ag scaoileadh amach paisinéirí.

## CUID III
## Páirceáil do Chónaitheoirí

### 21. Sainmhínithe Chuid III

Sa chuid seo:

| | |
|---|---|
| “Fianaise inghlactha” | Áirítear seo a leanas le fianaise inghlactha: |

| | |
|---|---|
| | (i) Deimhniú árachais reatha a thugann le fios go gcoinníonn an cónaitheoir an fheithicil de ghnáth ag seoladh an chónaitheora sa limistéar páirceála íoctha lena mbainfidh an cead.<br><br>(ii)<br><br>(1) Deimhniú ceadúnaithe feithicle nó leabhar clárúcháin ina ndeimhnítear gurb é an cónaitheoir atá ag déanamh iarratas ar chead páirceála cónaitheora úinéir cláraithe na feithicle a bhfuil an t-iarratas ar chead páirceála cónaitheora á dhéanamh ina leith agus go bhfuil an fheithicil cláraithe ag seoladh an chónaitheora sa limistéar páirceála íoctha lena mbainfidh an cead<br><br>**Nó**<br><br>(2) I gcás nach é an t-iarratasóir úinéir cláraithe na feithicle a bhfuil an t-iarratas ar chead páirceála cónaitheora á dhéanamh ina leith, an deimhniú ceadúnaithe feithicle nó leabhar clárúcháin don fheithicil, fianaise dhoiciméadach shásúil ón úinéir cláraithe go gcoinníonn an t-iarratasóir an fheithicil de ghnáth ag seoladh an chónaitheora sa limistéar páirceála íoctha lena mbainfidh an cead, agus fianaise ó na Coimisinéirí Ioncaim go gcoinníonn an t-iarratasóir feithicil atá faoi úinéireacht an úinéara chláraithe de ghnáth.<br><br>(iii) Ceadúnas tiomána nó sealadach in ainm an chónaitheora atá ag déanamh iarratas ar chead páirceála an chónaitheora.<br><br>(iv) Doiciméid atá inghlactha ag an gComhairle e.g. billí fóntais, ráitis bhainc nó doiciméid eile a seoladh chuig an iarratasóir ag a sheoladh/seoladh sa limistéar páirceála íoctha lena mbainfidh cead an chónaitheora.<br><br>(v) Deimhniú iontrála i gClár na dToghthóirí. |

| | |
|---|---|
| | (vi) Aon fhaisnéis eile a d’fhéadfadh an Chomhairle a iarraidh. |
| Is éard is brí le “úinéir” | Cónaitheoir a choimeádann agus a úsáideann feithicil de ghnáth. |
| Is éard is brí le “cónaitheoir” | Duine a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi ag áitreabh ar shráid ina bhfuil áit pháirceála íoctha suite agus é sin chun sástacht na Comhairle. |
| Is éard is brí le “cead páirceála cónaitheora” | Doiciméad arna eisiúint ag an gComhairle nó ag a gníomhaire chun críocha Fhodhlíthe 21 go 30 agus ina bhfuil na sonraí a shonraítear i bhFodhlí 22. |
| Is éard is brí le “cead páirceála cónaitheora bailí” | Cead páirceála cónaitheora a bhaineann le zón páirceála íoctha ar leith agus le tréimhse nach bhfuil imithe in éag agus atá eisithe ag an gComhairle nó ag a gníomhairí. |
| Áirítear le | “Feithicil”: -<br><br>(a) Feithicil atá ceadúnaithe faoi láthair sa stát seo faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961-1994.<br><br>(b) Feithicil paisinéirí ina bhfuil cóiríocht do dháréag duine ar a mhéad, gan an tiománaí a áireamh, agus nach bhfuil ag tarraingt leantóir ná feithicil eile<br><br>(c) Feithicil earraí nach mó ná 3 thonna a meáchan neamhualaithe agus nach bhfuil ag tarraingt leantóra ná feithicil eile. |

**22. Neamhfheidhm Fhodhlíthe 6 go 12 de na Fodhlíthe seo**

22.1. Ní bheidh feidhm ag Fodhlíthe 6 go 12 de na Fodhlíthe seo maidir le páirceáil feithicle in áit pháirceála íoctha má tá cead páirceála cónaitheora bailí ar taispeáint san fheithicil agus í páirceáilte amhlaidh, cead a bhaineann leis an tsráid ina bhfuil an áit pháirceála íoctha sin suite.

**23. Sonraí ar chead páirceála cónaitheora**

23.1. Áireofar na sonraí seo a leanas le cead páirceála cónaitheora: -

(a) Focail Chomhairle Contae Mhuineacháin.

(b) Uimhir chlárúcháin na feithicle ar eisíodh í ina leith.

(b) An dáta eisiúna.

(c) An zón/na zóin pháirceála íoctha a bhaineann leis.

(e) An tréimhse atá i gceist, lena n-áirítear an dáta éaga.

**24. Cead chun feithicil a bhfuil cead páirceála cónaitheora ar taispeáint aici a pháirceáil**

24.1. Má thaispeántar cead páirceála cónaitheora bailí ar an bhfeithicil ar eisíodh an cead ina leith, de réir na bhForálacha seo, ceadófar d'úinéir na feithicle (nó d'aon duine a úsáideann í lena thoiliú/a toiliú) í a pháirceáil gan teorainn ama in áit pháirceála íoctha sa zón páirceála íoctha lena mbaineann an cead.

**25. Cead páirceála cónaitheora a thaispeáint**

25.1. Taispeánfar cead páirceála cónaitheora bailí taobh istigh den fheithicil ar eisíodh é ina leith ionas gur féidir é a léamh taobh amuigh den fheithicil.

**26. Cur isteach ar chead páirceála cónaitheora**

26.1. I gcás ina bhfuil feithicil a bhfuil cead páirceála cónaitheora ar taispeáint aici páirceáilte in áit pháirceála íoctha, ní cheadaítear d'aon duine cur isteach ar an gcead.

**27. Cead páirceála cónaitheora a eisiúint**

27.1. Féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí cead páirceála cónaitheora a eisiúint i leith páirceáil feithicle i limistéar páirceála íoctha, faoi réir fianaise inghlactha a thabhairt ar aird.

27.2. Féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí cead páirceála cónaitheora a eisiúint i leith na feithicle ar leis an gcónaitheoir í agus beidh sé bailí ar feadh tréimhse bliana ón dáta eisiúna, i leith na feithicle sin agus don zón/do na zóin pháirceála íoctha lena mbaineann an cead.

27.3. Is é a bheidh sa táille ar chead páirceála cónaitheora an tsuim atá leagtha amach i Sceideal 1 de na Fodhlíthe seo.

27.4. Féadfaidh an Chomhairle, de réir a lánrogha féin, áit pháirceála ainmnithe a shannadh do chónaitheoir cáilithe chun críche páirceála cónaitheoirí. Ní gá go mbeadh spás ainmnithe den sórt sin suite ar an tsráid ina gcónaíonn an cónaitheoir ach ina ionad sin, féadfar é a lonnú san áis pháirceála nó sa charrchlós is gaire de réir mar a chinnfidh Comhairle Contae Mhuineacháin, agus aird á tabhairt ar infhaighteacht,

sábháilteacht, bainistíocht tráchta, agus úsáid éifeachtach acmhainní páirceála.

**28. Athsholáthar ar chead páirceála cónaitheora a eisiúint**

28.1. I gcás ina mbeidh an Chomhairle sásta gur cailleadh, gur scriosadh nó gur goideadh cead páirceála bailí cónaitheora, eiseoidh an Chomhairle nó a gníomhairí ceann eile don úinéir má íoctar táille mar atá leagtha amach i Sceideal 1 de na Fodhlíthe seo agus cuirfear an cead athsholáthair sin in ionad an cheada bunaidh agus beidh an cead bunaidh neamhbhailí.

**29. Cead páirceála cónaitheora a thabhairt ar ais**

29.1. I gcás, le linn na tréimhse lena mbaineann cead páirceála cónaitheora, go scoireann an sealbhóir de bheith ina c(h)ónaí ag an seoladh a fógraíodh tráth eisiúna an cheada nó go scoireann sé/sí de bheith ina (h)úinéir ach an fheithicil lena mbaineann an cead a dhiúscairt, tabharfaidh sé/sí an cead páirceála cónaitheora ar ais don Chomhairle nó dá gníomhairí.

**30. Cead páirceála cónaitheora a aistriú**

30.1. Má chuireann sealbhóir ceada páirceála cónaitheora feithicil eile in ionad na feithicle sin, beidh sé/sí i dteideal, tar éis dó/di an cead bunaidh a thabhairt suas, cead páirceála cónaitheora a fháil i leith na feithicle nuaí a bheidh bailí don tréimhse a shonraítear ar an gcead bunaidh. Is é a bheidh sa táille as an gcead athsholáthair sin an tsuim atá leagtha amach i Sceideal 1 de na Fodhlíthe seo.

**31. Cead páirceála cónaitheora neamhbhailí a thaispeáint**

31.1. Is cion é cead páirceála cónaitheora neamhbhailí a thaispeáint.

## CUID IV
## Ilchineálach

**32. Neamhfheidhm Fhodhlíthe 8 go 14 de na Fodhlíthe seo ar fheithiclí áirithe**

32.1. Ní bheidh feidhm ag Fodhlíthe 8 go 14 de na Fodhlíthe seo ar a leanas: -

(a) feithicil atá á húsáid i ndáil le bacainn tráchta a bhaint, bóthar poiblí a chothabháil, a fheabhsú nó a atógáil, an gaireas chun gás, ola, uisce nó leictreachas a sholáthar nó líne theileagraif nó theileafóin nó comhartha tráchta a sholáthar.

(b) feithicil de chuid an bhriogáid dóiteáin, otharcharr nó feithicil atá á húsáid ag comhalta den Gharda Síochána nó de na Fórsaí Cosanta i gcomhlíonadh a d(h)ualgas.

(c) feithicil ina bhfuil cead bailí duine faoi mhíchumas ar taispeáint agus atá páirceáilte ar mhaithe le háisiúlacht an duine ar deonaíodh an cead sin dó/di, má tá an cead ar taispeáint go feiceálach ar an bhfeithicil nuair a bhíonn an fheithicil páirceáilte in áit pháirceála íoctha ar lá agus le linn tréimhse atá léirithe ar phláta faisnéise údaraithe a ghabhann le comhartha tráchta uimhir RRM016 de na Rialacháin um Chomharthaí, 1997-2024.

(d) feithicil seachadta nó bailiúcháin seirbhíse, feithicil bailiúcháin bruscair nó gníomhaíocht luchtaithe nó díluchtaithe HGV eile a bhaineann le háitreabh tráchtála, faoi réir na ngníomhaíochtaí sin a tharlaíonn lasmuigh de na huaireanta 7.00am go 7.00pm Luan go Céadaoin (an dá lá sin san áireamh), 7.00am go 9.00pm Déardaoin agus Aoine agus 9.00am go 7.00pm Dé Sathairn.

**33. Bánna Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha**

Ní cheadaítear feithicil, seachas feithicil leictreach, a pháirceáil i mBá Luchtaithe d'Fheithicil Leictreach ag am ar bith, agus

(a) Ní cheadaítear Feithicil Leictreach a pháirceáil i mBá Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha ach amháin chun an fheithicil a luchtú agus,
(b) Ní cheadaítear Feithicil Leictreach a pháirceáil i mBá Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha ar feadh tréimhse is faide ná 3 huaire an chloig
(c) Ní cheadaítear Feithicil Hibrideach Inluchtaithe a pháirceáil i mBá Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha ar feadh tréimhse is faide ná 1 uair an chloig

**34. Aip Pháirceála Íoctha**

I gcás ina bhfuil feithicil páirceáilte in áit pháirceála íoctha le linn uaireanta oibríochta agus ina ndearnadh íocaíocht bhailí mar idirbheart digiteach tríd an Aip Pháirceála ar líne, don fheithicil sin, don suíomh sin agus don dáta & am sin, ní bheidh feidhm ag Fodhlíthe 8, 9.3, 9.4 agus 11.

## CUID V

## Sceidil

### Sceideal 1: Páirceáil Íoctha - Táillí Iníoctha

| MÍR | CUR SÍOS | TÁILLE (EURO) |
|---|---|---|
| 1 | Páirceáil i limistéar páirceála íoctha seachas limistéar fadfhanachta. | 10c in aghaidh gach 10 nóiméad; nó<br><br>50c san uair.<br><br>Íostáille 20c. |
| 2 | Páirceáil i limistéir fadfhanachta ag: -<br><br>• Carrchlós Shráid Ghlaslocha, Rúscaigh,<br><br>• Carrchlós an Chlochair ag an Timpeallán, Mullach Mhuineacháin, Bóthar Chluain Eois,<br><br>• Carrchlós ag Slí Ógie Uí Dhufaigh, Bóthar Rúscaí, (amach ó Chearnóg na Seanchroise),<br><br>• Carrchlós Íochtair Theach na Cúirte, Rúscaigh – Limistéar Fadfhanachta spásanna Marcáilte Dearg<br><br>• Carrchlós an Bhóthair Leathain, Sráid an Mhargaidh – Limistéar Fadfhanachta Spásanna Marcáilte Dearga<br><br>• Carrchlós ag Campas Síochána, Bóthar na Plandála - Limistéar Fadfhanachta Spásanna Marcáilte Dearga | €1 in aghaidh an lae |
| | Páirceáil ag Carrchlós CLG Cláirsigh Mhuineacháin | Níl Táille i gCeist |
| 3 | Cead páirceála cónaitheora. | €20.00 |
| 4 | Cead páirceála cónaitheora a athsholáthar. | €10.00 |

**Sceideal 2: Liosta Carrchlós**

1. Carrchlós Uachtair Theach na Cúirte ar chúl Theach na Cúirte in aice leis an ionad siopadóireachta i mbaile fearainn Rúscaí.

2. Carrchlós Íochtair Theach na Cúirte ar chúl Chéad Eaglais Phreispitéireach Mhuineacháin i mbaile fearainn Rúscaí.

3. Carrchlós amach ó Shráid Ghlaslocha, in aice le Loch Pheadair i mbaile fearainn Rúscaí.

4. Carrchlós in aice leis an timpeallán ar Bhóthar Chluain Eois i mbaile fearainn Mhullach Mhuineacháin.

5. Carrchlós ag Slí Ógie Uí Dhufaigh, Bóthar Rúscaí, amach ó Chearnóg na Seanchroise.

6. Carrchlós ag CLG Cláirsigh Mhuineacháin i mbaile fearainn Rúscaí.

7. Carrchlós Ionad an Diamaint i mbaile fearainn Rúscaí

8. Carrchlós ag an mBóthar Leathan, Sráid an Mhargaidh, Mullach Mhuineacháin.

9. Carrchlós ag Campas SÍOCHÁNA, Bóthar na Plandála, Muineachán.

**Sceideal 3: Táillí ar bhánna páirceála méadraithe agus marcanna bóthair a bhaint go sealadach agus a chur ar fionraí**

| MÍR | CUR SÍOS | TÁILLE (EURO) |
|---|---|---|
| 1 | 1 mharc bá páirceála a bhaint | €30 |
| 2 | 1 mharc bá páirceála a athsholáthar | €25 |
| 3 | 1 mharc bá páirceála a bhaint agus a athsholáthar | €50 |
| 4 | Gach spás páirceála a chur ar fionraí ar chúiseanna seachas béilí lasmuigh. | €25 in aghaidh an lae nó cuid de |
| 5 | Gach spás páirceála a chur ar fionraí le haghaidh béilí lasmuigh | €25 in aghaidh na seachtaine |
| 6 | Línte Buí Aonair a Leagan | €10 in aghaidh an mhéadair línigh |
| 7 | Línte Buí a Bhaint | €20 in aghaidh an mhéadair línigh |
| 8 | Línte Buí Dúbailte a Leagan | €20 in aghaidh an mhéadair línigh |
| 9 | Línte Buí Dúbailte a Bhaint | €40 in aghaidh an mhéadair línigh |
| 10 | Gach marc bóthair eile agus na marcanna sin a bhaint | Le cinneadh ag an gComhairle ar iarratas |
| 11 | Meaisín Íoc agus Taispeáin a bhaint agus a athsholáthar | Le cinneadh ag an gComhairle ar iarratas |
| 12 | An bonn a bhaint agus a athsholáthar | Le cinneadh ag an gComhairle ar iarratas |

**<u>Sceideal 4: Líníocht Uimh. 001</u>**

**Arna dhéanamh agus arna ghlacadh faoi Ghnáthshéala Chomhairle Contae Mhuineacháin inniu an  11 Nollaig 2025.**

________________________________________

**Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhuineacháin**

_________________________________

**Stiúrthóir Seirbhísí**

_________________________________

**Comhordaitheoir an Cheantair Bhardasaigh**